

Polasaí um Chosaint Sonraí na Roinne Coimirce Sóisialaí

1. Aidhm agus Scóip

Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí tiomanta chun cearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint de réir na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. (Achtanna um CS). Ní mór don Roinn sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil (a stóráil nó a úsáid) maidir lena baill foirne nó custaiméirí d'fhonn an aidhm atá aici a bhaint amach agus a dualgais dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is é atá i gceist le sonraí pearsanta ná sonraí a bhaineann le duine atá aitheanta nó ar féidir a aithint ó na sonraí iad féin nó in éineacht le faisnéis eile atá i seilbh na Roinne nó gurb é is dóichí a bheith i seilbh na Roinne. San áireamh tá faisnéis ar bith a bhaineann le duine inaitheanta atá beo. Is féidir na sonraí seo a choinneáil ar ríomhairí nó i gcomhaid láimhe.

Déanfaidh an Roinn an fhaisnéis den sórt sin a phróiseáil de réir na **bPrionsabal um Chosaint Sonraí** atá leagtha amach sna hAchtanna um CS. Déanfar na nithe seo a leanas:-

- Gheofar an fhaisnéis agus déanfar í a phróiseáil go cóir;
- Ní choinneofar í ach amháin chun críche sonraithe agus dlíthiúla amháin nó níos mó;
- Ní dhéanfar í a phróiseáil ach amháin i mbealaí atá comhoiriúnach chun na críocha ar tugadh í dóibh;
- Coinneofar sábháilte agus slán í;
- Coinneofar cruinn agus suas chun dáta í;
- Cinnteofar go bhfuil faisnéis leordhóthanach agus ábhartha nach bhfuil iomarcach ann;
- Ní choinneofar í níos faide ná mar is gá chun na críche nó chun na críocha sonraithe;
- Tabharfar cóip dá s(h)onraí pearsanta do dhuine ar bith, má iarrtar iad.

Déanann na hAchtanna foráil freisin go bhfuil "dualgas cúraim" ag dul d'ábhair shonraí, a chiallaíonn gur chóir dóibh siúd atá i mbun na sonraí a rialú nó a phróiseáil a bheith cúramach nach cúis contúirte nó tochasail a gcuid gníomhaíochtaí do dhaoine atá inníoch faoi, mar shampla, faisnéis mhíchruinn a choinneáil ar ár gcomhaid, nó sonraí pearsanta a nochtadh do dhuine éigin nach bhfuil i dteideal na sonraí seo.

Lena chinntiú go bhfuil an fhoireann agus na daoine eile ar fad a dhéanann na sonraí seo a phróiseáil thar ceann na Roinne á ndéanamh de réir na bprionsabal seo i gcónaí, d'fhorbair an Roinn an Polasaí um Chosaint Sonraí seo in éineacht le treoirínte mionsonraithe.

2. Ról na Roinne Coimirce Sóisialaí

An **rialaitheoir sonraí** is ea an Roinn faoi na hAchtanna um CS agus tá sí freagrach faoi dheoidh d'fhorfheidhmiú na hAchtanna um CS i leith na sonraí a bhfuil sí freagrach astu. Tá Ceannasaí um Shlándaíl Faisnéise ceaptha ag an Roinn, atá mar phríomh-theagmhálaí na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus atá freagrach as ceisteanna CS a chomhordú ar fud na Roinne, a chinntíonn go bhfuil seirbhísí comhairleacha, oiliúna agus feasachta CS atá oiriúnach á gcur ar fáil agus a chuireann comhairle ar an ardbhainistíocht ar na ceisteanna CS cuí.

Gach bliain cuirfidh an Roinn in iúl don Choimisinéir Cosanta Sonraí go bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil agus cuirfidh sí liosta ar fáil de na catagóirí de shonraí pearsanta atá á bpróiseáil.

3. Rialachas

Cheadaigh Rúnaí na Roinne an polasaí seo agus is é ceann amháin de na polasaithe éagsúla um shlándaíl faisnéise a thacaíonn le plean corparáideach agus plean straitéiseach na Roinne. Déanfar athbhreithniú air go rialta.

Tá na Príomhoifigigh freagrach as a chinntiú go gcuirtear an polasaí seo i bhfeidhm ina rannóga faoi seach. Tá bainisteoirí ag gach leibhéal freagrach as a chinntiú go gcloíonn a mbaill foirne lena fhorálacha.

Má mheasann duine ar bith nach bhfuil an polasaí seo á chomhlíonadh, ba chóir dó/di an t-ábhar a ardú trína b(h)ainistíocht líne leis an gCeannasaí um Shlándaíl Faisnéise.

4. Cearta na n-ábhar sonraí (i.e. custaiméirí, baill foirne agus tríú páirtithe) le fáil ar shonraí pearsanta

San áireamh sna hábhair shonraí tá baill foirne agus custaiméirí na Roinne agus duine ar bith eile a ndéanann an Roinn sonraí a phróiseáil faoi/fúithi.

Tá sé de cheart ag gach ábhar sonraí fáil ar an bhfaisnéis a gcoinnítear faoi/fúithi, a chinntiú go bhfuil sí i gceart agus coinnithe go cóir, agus gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí má tá sé/sí míshásta.

Déileálfar le gach iarratas chun fáil ar shonraí pearsanta de réir na nósanna imeachta mar atá sonraithe in:

5. Freagrachtaí na mball foirne agus na dtríú páirtithe

5.1 Daoine a dhéanann sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann na Roinne

Tá freagracht ar dhuine ar bith a dhéanann sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann na Roinne a chinntiú go gcloítear leis na **Prionsabail um Chosaint Sonraí**.

Tá comhairle mhionsonraithe ar an gcaoi leis seo a bhaint amach tugtha i dTreoirínte an Pholasaí um Chosaint Sonraí.

5.1.1 Baill Foirne

Ní mór do na baill foirne a dhéanann faisnéis phearsanta a phróiseáil maidir le daoine eile, atá mar chuid de na freagrachtaí atá orthu, an Polasaí seo agus na Treoirlínte a bhfuil bainteach leis a chomhlíonadh.

5.1.2 Daoine eile atá ag obair don Roinn nó thar ceann na Roinne

Ní mór do dhaoine eile atá ag obair don Roinn nó thar ceann na Roinne, ar a dtugtar tríú páirtithe de ghnáth, atá ag déileáil le sonraí pearsanta a bhaineann leis an Roinn, feidhmiú de réir na nAchtanna um CS agus ba chóir do na sonraí próiseála den sórt sin a bheith ina n-ábhar de chomhaontuithe i scríbhinn idir an Roinn agus an tríú páirtí. Féach ar Threoirlínte an Pholasaí um Chosaint Sonraí le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

5.2 Daoine a chuireann sonraí pearsanta ar fáil don Roinn

Tá gach duine a chuireann sonraí pearsanta ar fáil don Roinn freagrach as a chinntiú go gcloítear leis na Prionsabail um Chosaint Sonraí, go háirithe maidir le cruinneas agus, i gcás tríú páirtithe a chuireann sonraí pearsanta daoine eile ar fáil, an ceart leis na sonraí pearsanta seo a nochtadh.